Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11146 — SILVER LAKE / SOFTWARE AG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 206/09)

1. An 5 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Silver Lake Group, L.L.C. ('Silver Lake', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Software Aktiengesellschaft ('Software AG', An Ghearmáin).

Gheobhaidh Silver Lake urlámhas aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Software AG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 21 Aibreán 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta teicneolaíochta domhanda é Silver Lake.

— Is cuideachta bogearraí agus teicneolaíochta ilnáisiúnta é AG atá liostaithe go poiblí ar Stocmhalartán Frankfurt. Soláthraíonn sé bogearraí bonneagair chun a chur ar chumas custaiméirí sreafaí sonraí a bhogadh agus a chomhtháthú go rianúil ar fud a ngnó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11146 – SILVER LAKE / SOFTWARE AG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.